CINNEADH (CBES) 2020/1385 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

(2) An 27 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/458 ([2]).

(3) Ba cheart na bearta sriantacha maidir le duine amháin a fhadú go ceann tréimhse bhreise 6 mhí agus na hiontrálacha maidir le beirt eile a scriosadh.

(4) Da réir sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

"3. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) maidir le hiontráil 15 in Iarscríbhinn II go dtí an 2 Aibreán 2021.

4. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) maidir le hiontráil 20 in Iarscríbhinn IV go dtí an 2 Aibreán 2021.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/458 ón gComhairle an 27 Márta 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO L 97, 30.3.2020, lch. 13).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(2)), scriostar iontráil 14 (maidir le SALEH ISSA GWAIDER, Agila) agus iontráil 16 (maidir le ABU SAHMAIN, Nuri) ón liosta a leagtar amach i gCuid A (Daoine);

(2) in Iarscríbhinn IV (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)), scriostar iontráil 19 (maidir le SALEH ISSA GWAIDER, Agila) agus iontráil 21 (maidir le ABU SAHMAIN, Nuri) ón liosta a leagtar amach i gCuid A (Daoine).